CEART NA N-OIBRITHE CHUN FAISNÉISE, COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHTA

Trí íoscheanglais a ghlacadh trí bhíthin treoracha nó trí bhearta atá ceaptha chun comhar idir na Ballstáit a spreagadh, comhlánaíonn an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí na mBallstát maidir le ceart na n-oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin.

BUNÚS DLÍ

Airteagail 5, 114, 115, agus 153 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Tacaíonn AE le gníomhaíochtaí na mBallstát a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe agus comhlánaíonn sé na gníomhaíochtaí sin d'fhonn príomhchuspóirí an bheartais shóisialta Eorpaigh mar a leagtar amach in Airteagal 151 de CFAE a bhaint amach, ar cuspóirí iad lena n-áirítear coinníollacha maireachtála agus oibre a fheabhsú, cosaint shóisialta chuí a chur ar fáil, ardleibhéal marthanach fostaíochta a bhaint amach agus eisiamh a chomhrac.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Cúlra

Tá ceart na n-oibrithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ina théama lárnach sa díospóireacht Eorpach ón uair a glacadh an chéad Chlár don Ghníomhaíocht Shóisialta in 1974. I gCairt an Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe (Cairt Shóisialta), 1989, leagtar béim ar a inmhianaithe atá sé rannpháirtíocht fostaithe a chur chun cinn. Is minic a cuireadh in aghaidh na dtograí ón gCoimisiún sa réimse sin, áfach. Níorbh ann do bhunús ceart dlí le haghaidh reachtaíocht an Chomhphobail go dtí go ndearnadh an Comhaontú maidir le Beartas Sóisialta a ionchorprú i gConradh Amstardam in 1997.

Maidir le rannpháirtíocht fostaithe, le hAirteagal 153 de CFAE, tugtar an chumhacht don Pharlaimint agus don Chomhairle na nithe seo a leanas a ghlacadh:

— Bearta atá ceaptha chun comhar idir na Ballstáit a spreagadh;

— Treoracha lena leagtar amach na híoscheanglais maidir le cur chun feidhme de réir a chéile.

Tá feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach, ach dul i gcomhairle roimh ré leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta Eorpach agus le Coiste na Réigiún.

B. Reachtaíocht atá i bhfeidhm

I gcéad ghrúpa treoracha, pléitear le ceart na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis an gconradh nó leis an gconradh fostaíochta agus faoin gceart go gcuirfí ar an eolas iad faoi iomarcaíochtaí nó aistrithe:

— Le Treoir 75/129/CEE ón gComhairle an 17 Feabhra 1975 maidir le **comhiomarcaíochtaí**, arna leasú le Treoracha 92/56/CEE agus 98/59/CE ón gComhairle, tá sé de cheanglas ar fhostaitheoirí dul i mbun caibidlíochta le hoibrithe i gcás iomarcaíocht chomhchoiteann, d'fhonn bealaí a shainaithint chun comhiomarcaíochtaí a sheachaint nó chun laghdú a dhéanamh ar líon na n-oibrithe a bheadh thíos leo;

— Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le **cearta fostaithe a chosaint i gcás aistriú gnóthas, aistriú gnóthaí nó aistriú codanna de ghnóthais nó de ghnóthaí** (lena gcomhdhlúthaítear Treoir 77/187/CEE ón gComhairle agus Treoir 98/50/CE ón gComhairle), faoi nach mór oibrithe a chur ar an eolas faoi na cúiseanna atá le haon aistriú agus faoina iarmhairtí; tá forálacha ábhartha inti freisin maidir le poist fostaithe agus cearta fostaithe a chosaint i gcás aistrithe;

— Le Treoir 2002/14/CE lena mbunaítear **creat ginearálta maidir le fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo**, leagtar síos íoschaighdeáin nós imeachta lena dtugtar cosaint do chearta na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo maidir leis an staid eacnamaíoch agus fostaíochta a dhéanann difear dá n-ionad oibre;

— Le Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, bunaítear cearta nua (amhail teorainneacha ar thréimhsí promhaidh, cosc ar chlásail eisiachais agus faisnéis roimh ré maidir le sceidil oibre) do gach oibrí i ngach foirm oibre, lena n-áirítear na hoibrithe sin atá i mbun na bhfoirmeacha neamhchaighdeánacha is solúbtha agus i mbun foirmeacha nua oibre amhail conarthaí uaireanta-nialasacha, obair dhearbhánbhunaithe nó obair ardáin.

Rinne an Coimisiún seiceáil oiriúnachta inar cinneadh i mí Iúil 2013 go bhfuil na treoracha oiriúnach don fheidhm den chuid is mó de agus gur mó leasa ná costais a bhaineann leo — go háirithe a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le hoibrithe sa tseirbhís phoiblí, maraithe agus FBManna — agus gur gá sainmhínithe áirithe a scrúdú agus a phlé tuilleadh (SWD(2013)0293). Rinneadh machnamh ar athmhúnlú a dhéanamh ar na treoracha maidir le faisnéis agus comhairliúchán (C(2015) 2303) ach, ós rud é nach bhfuil an t-athmhúnlú luaite i gCláir Oibre an Choimisiúin ó 2015, is cosúil anois go bhfuil an t-athmhúnlú sin as an áireamh.

I mí Eanáir 2018, glacadh Treoir ón gComhairle lena dtrasuítear comhaontú idir na comhpháirtithe sóisialta in earnáil an mhuiriompair, agus, sa chaoi sin,

cuireadh deireadh le heisiamh oibrithe mara ó na treoracha maidir le faisnéis agus comhchomhairle a sholáthar d'fhostaithe.

Maidir le hoibrithe san earnáil phoiblí, níl feidhm maidir le riaracháin phoiblí ag ceann ar bith de na treoracha a bhaineann le ceart na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo (féach Cásanna de chuid an Aontais Eorpaigh os comhair na Cúirte Breithiúnais C-583/10, Nolan agus C-108/10, Scattolon). Agus í i mbun caibidlíochta in 2001 maidir leis an gCreat Ginearálta, rinne Parlaimint na hEorpa iarracht raoin feidhme na Treorach sin a leathnú chuig an earnáil phoiblí, ach dhiúltaigh an Chomhairle dó sin. I mí na Nollag 2015, shínigh an Coiste um Idirphlé Earnála maidir le Riaracháin Rialtais Lárnaigh comhaontú earnálach maidir le híoschaighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh cearta faisnéise agus comhairliúcháin d'oibrithe riaracháin lárnaigh agus d'iarr sí go ndéanfaí an comhaontú sin a chur chun feidhme trí bhíthin treoir ón gComhairle. An 5 Márta 2018, rinne an Coimisiún na comhpháirtithe sóisialta a chur ar an eolas nach ndéanfadh sé an comhaontú sin a mholadh don Chomhairle lena chur chun feidhme.

Cuimsíonn dara grúpa treoracha cearta na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo i gcásanna ina bhfuil gné thrasnáisiúnta:

— Treoir 94/45/CE ón gComhairle, arna athbhreithniú le Treoir 2009/38/CE maidir le **Comhairlí Oibreacha Eorpacha** (EWCanna) a thabhairt isteach. Déanann EWCanna ionadaithe na bainistíochta lárnaí agus ionadaithe na bhfostaithe ar fud na hEorpa a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhair amhail feidhmiú cuideachta, ionchais agus fostaíocht, athstruchtúrú agus beartais acmhainní daonna. Tá cearta áirithe tugtha d'oibrithe freisin chun go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo i ndáil leis an timpeallacht oibre. Cumhdaíonn reachtaíocht EWC cuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil 1 000 oibrí ar a laghad fostaithe acu in AE/LEE agus 150 ball foirne ar a laghad in dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit. Soláthraíonn bunachar sonraí tiomnaithe, arna chothabháil ag an Institiúid Eorpach um Thrádáil (ETUI), sonraí maidir le EWCanna;

— Treoir 2004/25/CE maidir le **tairiscintí táthcheangail**, faoinar cheart deis a thabhairt d'fhostaithe na gcuideachtaí i dtrácht, nó dá n-ionadaithe, a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an tionchar ar fhostaíocht is intuartha a bheadh ag tairiscint den sórt sin; beidh feidhm freisin ag na gnáthrialacha maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus maidir le dul i gcomhairle leo;

— Treoir 2011/35/AE maidir le **cumasc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta** ar dá bun a ndéantar oibrithe i gcuideachtaí a chumasctar a chosaint a mhéid chéanna agus a leagtar síos sa treoir maidir le haistriú gnóthas.

An 14 Bealtaine 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún meastóireacht REFIT ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha agus chinn sé go bhfuil feabhas tagtha ar fhaisnéis d'oibrithe ó thaobh cáilíochta agus raon feidhme, ach nach bhfuil méadú déanta leis an treoir ar an ráta ar a ndéantar EWCanna nua a chur ar bun. Mhol an Coimisiún lámhleabhar praiticiúil a tharraingt suas do chleachtóirí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maoiniú a sholáthar do chomhpháirtithe sóisialta chun tacú le chun feidhme agus éifeachtacht EWCanna.

Is é is aidhm le tríú grúpa treoracha ná rialacha a leagan síos a bheidh infheidhme i gcásanna ina bhfuil gné thrasnáisiúnta lena ndeonaítear cearta páirteacha chun rannpháirtíocht i gcinnteoireacht:

— Le Treoir 2001/86/CE ón gComhairle lena bhforlíontar an **Reacht do chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe**, bunaítear rialacha maidir le rannpháirtíocht fostaithe i gcinntí maidir le forbairt straitéiseach na cuideachta. Ní hamháin go gcuirtear fostaithe ar an eolas agus go dtéitear i gcomhairle leo trí chomhlacht cosúil le Comhairle Oibreacha Eorpacha, ach déantar foráil maidir le rannpháirtíocht fostaithe ar leibhéal an bhoird i gcás inar cuireadh an fhoirm sin rannpháirtíochta i bhfeidhm sna cuideachta náisiúnta bunaidh (an prionsabal 'roimhe agus ina dhiaidh', mar a thugtar air);

— Le Treoir 2003/72/CE ón gComhairle lena bhforlíontar an **Reacht do Chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe**, áirithítear gur féidir le hionadaithe fostaithe tionchar a imirt ar fheidhmiú na gComharchumann Eorpach;

— Maidir le Treoir (AE) 2017/1132 a bhaineann le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí, tá rialacha inti freisin maidir leis an gcóras rannpháirtíochta fostaithe atá le cur i bhfeidhm maidir le **cumaisc thrasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta**.

Is é atá sa cheathrú grúpa: dhá chomhaontú thrasearnálacha idir na comhpháirtithe sóisialta (arna gcur chun feidhme le Treoir 97/81/CE ón gComhairle maidir le hobair pháirtaimseartha agus le Treoir 99/70/CE maidir le hobair ar théarma seasta), le Treoir 2008/104/CE maidir le hobair shealadach ghníomhaireachta, agus le roinnt treoracha maidir le sláinte agus sábháilteacht, a bhfuil fáisnéis intuigthe agus forálacha comhairliúcháin intuigthe **i ngach ceann acu**.

C. Tionscnaimh eile

Tá cuideachtaí agus ionadaithe oibrithe tar éis tús a chur le comhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta a thabhairt i gcrích, ar foirm idirphlé sóisialta i gcuideachtaí ilnáisiúnta iad, i gcomhthéacs na gné idirnáisiúnta atá ag fás ó thaobh eagrú na gcuideachtaí de. Bíonn na gcomhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta i bhfoirmeacha éagsúla agus is ionadaithe cuideachta nó eagraíochtaí oibrithe a dhéanann iad a tharraingt suas i gcomhpháirt lena gcur i bhfeidhm i níos mó ná Ballstát amháin. Féadann cleachtas den chineál sin saincheisteanna dlíthiúla agus polaitiúla a ardú, áfach, maidir leis an gcaidreamh idir na leibhéil ingearacha éagsúla idirphlé shóisialta (idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta) agus réimsí cothrománacha cur i feidhm (trasearnálach, earnáilsonrach agus ar leibhéal na cuideachta). Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta i neamhréir le noirm agus tagairtí náisiúnta, agus níl ach roinnt bheag sásraí um réiteach díospóidí i bhfeidhm.

Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil sé beartaithe aige forbairt na gcomhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta a thionlacan agus faireachán a dhéanamh uirthi trí thacú le taithí agus taighde a mhalartú. Coinníonn sé bunachar sonraí maidir le comhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta.

I mí Aibreán 2018, thíolaic an Coimisiún pacáiste de thograí a bhaineann le hathchóiriú dhlí na gcuideachtaí san Aontas, lena n-áirítear togra chun leasú a dhéanamh ar

threoir 2017 maidir le comhshónna trasteorann, cumaisc trasteorann agus deighiltí trasteorann.

I gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a thugann teideal do gach oibrí in gach earnáil go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo i dtaobh aon ní a bhaineann leo, tá sé ar cheann de na haidhmeanna atá leis an togra sin cosaint na bhfostaithe a uasghrádú trí fhoráil a dhéanamh d'fhaisnéis fheabhsaithe maidir le comhshónna, cumaisc nó deighiltí trasteorann. Beidh ar gach cuideachta tuarascáil a chur ar fáil d'fhostaithe ina dtabharfar aghaidh ar an tionchar orthu a bheadh ag aon oibríocht den sórt sin. Ba cheart tuairim na bhfostaithe a chur san áireamh ansin le linn an chruinnithe ghinearálta. Go sonrach maidir le tiontuithe, cumaisc agus deighiltí trasteorann, beidh fostaithe in ann freisin a dtuairimí a thíolacadh maidir le dréacht-téarmaí na hoibríochta atá beartaithe.

Maidir le cosaint chearta rannpháirtíochta na bhfostaithe, is ann cheana do rialacha sonracha a bhaineann le cumaisc agus fanfaidh siad sin gan athrú. Maidir le tiontuithe agus deighiltí trasteorann, tá sé molta gur cheart do chuideachtaí, i bprionsabal, rialacha an Bhallstáit cinn scríbe a leanúint.

Tá an togra faoi réir caibidlíochtaí idirinstitiúideacha atá ar siúl faoi láthair.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá roinnt rún glactha ag an bParlaimint lena n-iarrtar go mbeadh an ceart ag oibrithe a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht cuideachtaí agus go mbeadh feidhm ag an gceart sin maidir le cuideachtaí náisiúnta agus trasnáisiúnta araon, gan beag beann ar a stádas dlíthiúil féin ar leith. D'iarr an Pharlaimint freisin, ina rún an 19 Feabhra 2009, go mbeadh oibrithe san earnáil phoiblí san áireamh i raon feidhme na dtreoracha faisnéise agus comhairliúcháin.

Ina rún an 15 Eanáir 2013 maidir le faisnéis agus comhairliúchán na n-oibrithe, réamhaíocht agus bainistiú ar athstruchtúrú, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún togra maidir le gníomh dlí a thíolacadh ina ndéanfaí foráil maidir le hionadaithe fostaithe a chur go hiomlán ar an eolas i dtaobh aon athstruchtúraithe atá beartaithe agus ina sonrófaí tráthchlár réadúil le haghaidh comhairliúcháin.

D'iarr sí athuair ar an reachtaíocht ina rún an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch agus arís eile i rún maidir le cumaisc agus deighiltí trasteorann.

Tar éis an fhógra in 2016 faoi phleananna maidir le hathstruchtúrú cuimsitheach a dhéanamh ag Caterpillar agus Alstom, ghlac an Pharlaimint rún an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis an ngá atá le beartas Eorpach um ationsclú, ar rún é inar iarr sí ar na húdaráis ábhartha uile a áirithiú, maidir le gach comhpháirtí lena mbaineann, go gcomhlíonfaidís rialacháin náisiúnta agus Eorpacha maidir le faisnéis agus comhairliúchán d'oibrithe, go háirithe le linn d'athstruchtúrú a bheith ar siúl.

Ina rún an 19 Eanáir 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, mheabhraigh an Pharlaimint a luachmhaire agus a bhí sé oibrithe a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht agus i mbainistiú cuideachtaí agus tharraing sí aird ar fhiontar an gheilleagair shóisialta, amhail comharchumainn, mar dhea-shampla ó thaobh

fostaíocht ar ardchaighdeán a chruthú, tacaíocht a thabhairt do chuimsiú sóisialta agus geilleagar rannpháirteach a chur chun cinn.

Aoife Kennedy
11/2019